An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar: Gaeilge
TUAIRISC

Patrician College (Coláiste Phádraig)
Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11
Uimhir Rolla: 60571J

Dáta na cigireachta: 17 Samhain 2009

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

TUAIRISC CHIGIREACHT ÁBHAIR

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis cigireacht ábhair i Patrician College (Coláiste Phádraig). Leagann sé amach tátail na meastóireachta maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair seo sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht thar dhá lá inar thug an cigire cuairt ar sheomraí ranga agus inar breathnaíodh an teagasc agus an fhoghlaim. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, scrúdaíodh obair na scoláirí agus rinneadh plé leis na múinteoirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúchán scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na meastóireachta don phríomhoide. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

Meánscoil dheonach do bhuachaillí amháin is ea Patrician College (Coláiste Phádraig). Tá an scoil páirteach sa phlean gníomhaíochta Cothromaíocht Deiseanna a Sheachadadh sna Scoileanna (CDSS) de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Céad is a caoga hocht scoláire san iomlán atá cláraithe don scoilbhliain 2009/10. Is iad na cláir oideachais atá á gcur ar fáil ná an Teastas Sóisearach, Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS), an Ardteistiméireacht, Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Tá an Ghaeilge mar ábhar croíláir ar na cláir sin ar fad. Maidir leis na scoláirí atá ag tabhairt faoi Ghairmchlár na hArdteistiméireachta, is é cúrsa Gaeilge na hArdteistiméireachta bunaithe an cúrsa staidéir ag na scoláirí sin. Tacaíonn bainistíocht na scoile go láidir leis an nGaeilge mar chuid de churaclam croíláir na scoile agus déantar an uile scoláire a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar an ábhar ag leibhéal atá cothrom lena gcumas. An toradh atá air seo ná go bhfuil líon na scoláirí a roghnaíonn an t-ábhar seo an-ard agus is lú ná aon faoin gcéad de na scoláirí ar fad iad siúd nach bhfuil ag déanamh staidéir ar an nGaeilge.

Déantar soláthar sásúil don Ghaeilge sa tsraith shinsearach. Cuirtear cúig thréimhse sa tseachtain ar fáil don ábhar sa dá bhliain de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. Déantar soláthar an-tacúil don Ghaeilge Chumarsáideach san Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Cúig thréimhse in aghaidh na seachtaine an soláthar a dhéantar don ábhar anseo chomh maith. Is i mbliain a dó den chlár a dhéantar staidéar ar an nGaeilge. Áirítear an soláthar ama don Ghaeilge ar an tráthchlár sa tsraith shóisearach a bheith ábhar teoranta. Ceithre thréimhse ranga in aghaidh na seachtaine an soláthar a dhéantar i ngach bliain de na trí bliana sin seachas an rang (CSTS) sa chéad bhliain mar a bhfuil tréimhse amháin níos lú. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an soláthar ama atá á chur ar fáil do na hábhair éagsúla, moltar an Ghaeilge sa tsraith shóisearach a chur san áireamh. Moltar féachaint le tréimhse amháin sa bhreis a chur ar fáil don ábhar i gcás bliana amháin de na trí bliana sin, más féidir. Tá an dáileadh laethúil a dhéantar ar na tréimhsí ranga don ábhar ar an tráthchlár i rith na seachtaine go maith. Tréimhsí singil sa lá an dáileadh i ngach cás. Is maith an rud go bhfuil teagmháil rialta ag na foghlaimeoirí leis an ábhar.

Tá dearcadh fabhrach, tacúil don ábhar le fáil ó bhainistíocht shinsearach na scoile agus tá taithí ar an ábhar féin a theagasc ag an bhfoireann seo. Féachtar le freastal cuí a dhéanamh ar acmhainneacht agus ar inniúlacht na scoláirí san ábhar ón tús. Dá chomhartha seo tá an t-ábhar á theagasc i ranganna cumais mheasctha sa chéad bhliain. Fágtar go dtí tús an dara bliain é le roinnt a dhéanamh eatarthu. Tá an socrú seo cuí. Tá rang scoite eile sa chéad bhliain atá ag díriú ar CSTS. Tugtar deis do na scoláirí seo chomh maith ar an nGaeilge a bhlaiseadh agus iad féin a chruthú inti i gcaitheamh na chéad bhliana. Dá chomhartha sin tá an Léann Éireannach agus an Ghaeilge araon á teagasc sa rang seo agus tugtar deis do scoláire ar bith a léiríonn inniúlacht san ábhar tabhairt faoin nGaeilge mar ábhar sa tsraith shóisearach. Tá na hiarrachtaí seo le deis agus spreagadh a thabhairt do gach scoláire dul i ngleic leis an nGaeilge ag leibhéal inniúlachta atá cothrom lena gcumais ag teacht le haidhm na scoile maidir le dul chun cinn gach scoláire a dhearbhú.

Tá comhthéacs na scoile maidir le teagasc agus foghlaim an ábhair dúshlánach agus tá an scoil ag freagairt go maith don dúshlán seo. Tuairiscítear spéis san ábhar a bheith teoranta go leor i measc scoláirí agus tuismitheoirí. Is ar an ngnáthleibhéal agus ar an mbonnleibhéal a dhíríonn formhór na scoláirí san ábhar sna scrúduithe teistiméireachta chomh maith leis an nGaeilge Chumarsáideach san Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Is teoranta ar fad an líon scoláirí a thugann faoin ardleibhéal. Déantar scoláire ar bith a bhfuil an mianach agus an fonn ann a spreagadh chun an ardleibhéil trí chúram ar leith a dhéanamh dóibh i ranganna cumais mheasctha.

Tuairiscíodh tréimhse chorraithe le blianta beaga anuas maidir le ceapacháin san ábhar agus tuairiscítear líon na n-iarrthóirí a chuireann isteach ar phost múinteoireachta sa Ghaeilge a bheith íseal ar bhonn leanúnach. Faoi láthair tá ceathrar múinteoirí ag teagasc an ábhair. Is faoi bheirt mhúinteoirí láncháilithe san ábhar atá tromlach an teagaisc. Tá ochtó faoin gcéad de na ranganna Gaeilge faoi chúram na múinteoirí seo. Is faoi dhuine amháin den bheirt atá an chuid is mó de sin. Rang amháin Gaeilge an duine atá i gceist don bheirt mhúinteoirí eile. Fágann sin gur faoi mhúinteoir amháin atá an cúram don chuid is mó ar fad den teagasc san ábhar, nach mór dhá dtrian de na ranganna ar fad. Dúshlán ar leith atá anseo sa chomhthéacs mar a dtuairiscítear an réimse cumais agus spéise san ábhar a bheith teoranta go maith. Táthar ag tabhairt go maith faoin dúshlán sin agus tá tacaíocht agus spreagadh le fáil ón mbainistíocht agus ó bhaill foirne eile. Moltar do bhainistíocht na scoile leanacht le gach dícheall a dhéanamh le hacmhainneacht i dteagasc an ábhair a mhéadú. B'fhiú féachaint le roinnt níos cothroime a dhéanamh de theagasc an ábhair agus múinteoirí láncháilithe a bheith ina bhun.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

Tá pleanáil agus ullmhúchán cuí i leith theagasc an ábhair lena gcuid ranganna féin ar bun ag na múinteoirí ar bhonn aonair. B'fhiú ábhar níos comhaimseartha a bhailiú don rang Gaeilge le ranganna CSTS. Níl plean ábhair ar bhonn roinne ar fáil go fóill ach obair idir lámha atá ann. Tá an phleanáil aonair a cuireadh ar fáil ag teacht le treoir na siollabas agus le riachtanais na scrúduithe teistiméireachta. Tá tuiscint chuí ann ar mhóraidhmeanna agus ar mhórchuspóirí na siollabas. Tá tuiscint mhaith ann go háirithe ar na spriocanna a bhaineann leis na ceithre mhórscil teanga. Ba mhaith an ní an méid seo a chur in oiriúint níos mó do riachtanais na scoláirí sna ranganna éagsúla. B'fhiú, mar shampla, torthaí na foghlama a shainaithint maidir le haicmí na bhfoghlaimeoirí atá sna ranganna éagsúla. B'fhiú an méid sin a cheangal le modhanna múinte, le hacmhainní teagaisc agus le measúnú ar dhul chun cinn na scoláirí. Tá céim mhaith sa treo seo le léamh sna ceannteidil a ghabhann leis na pleananna a breathnaíodh. Baineann siad seo le hobair leath-théarma agus iad leagtha amach in aghaidh na seachtainí éagsúla. Ar mhaithe leis na scoláirí

a thabhairt isteach níos mó i ngnó na foghlama ba mhaith an ní an plean seo a roinnt leo. B'fhiú a mhíniú dóibh i dtús báire cad é go díreach an inniúlacht sa teanga a bhfuiltear ag súil le bheith sealbhaithe acu faoi cheann leath-théarma nó téarma faoi na ceithre scil teanga.

Tá comhordaitheoir ceaptha ar roinn an ábhair, an té is déanaí a tháinig ar an bhfoireann. Is mithid díriú anois ar phlean teagaisc agus foghlama comhaontaithe a thabhairt le chéile do na leibhéil ar fad i ngach bliain. Moltar am cruinnithe pleanála a chlárú ar mhaithe leis na múinteoirí ar fad a thabhairt isteach san obair seo. Aithnítear sa dréacht den obair phleanála idir lámha a cuireadh ar fáil an fiúntas a bhainfeadh le plean comhsheasmhach teagaisc agus foghlama a bheith ar fáil. Aithnítear go háirithe an fiúntas a bhainfeadh le plean comhaontaithe mar seo a bheith ar fáil mar threoir do mhúinteoir nuacheaptha ar an bhfoireann.

Tá sé de bhua ag na múinteoirí go bhfuil a gcuid seomraí ranga féin acu leis an ábhar a theagasc. Tá sé le moladh go bhfuil acmhainní teagaisc á gcur le chéile anois in aon seomra ranga amháin mar chéad chéim, seomra an mhúinteora is mó atá gafa le teagasc an ábhair. Sa bhreis air sin tá cnuasach ábhar i nGaeilge á chur le chéile i leabharlann na scoile.

Tá fáil ar acmhainní teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) sa leabharlann agus i seomra scoite TFC. Níl na hacmhainní seo go mór in úsáid don Ghaeilge. Moltar tacú leis na hacmhainní seo a chur in úsáid níos mó sa cheacht Gaeilge agus teacht níos éasca a bheith orthu. Moltar iad a chur ar fáil, cothrom le hacmhainní na scoile, sa seomra ranga is mó atá in úsáid don Ghaeilge i dtús ama. Ba cheart pleanáil chuí a dhéanamh do chomhtháthú na teicneolaíochta seo ó thaobh phlean an teagaisc de. Tá treoir agus tacaíocht le fáil in úsáid TFC sa cheacht Gaeilge ón tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal (STDL) don Ghaeilge ar shuíomh gréasáin na seirbhíse agus le cúrsa TFC. I dtaca le modhanna múinte a fhorbairt, b'fhiú go mór do na múinteoirí smaoineamh ar chuairt a thabhairt ar ranganna a chéile in imeacht na bliana. Tá comhoibriú folláin ina measc mar chabhair chuige seo a chur chun cinn.

Tá fianaise ann go bhfuil comhphleanáil don ábhar ar siúl. Tá fianaise ar an méid seo le léamh i miontuairiscí chruinnithe na múinteoirí Gaeilge. Is léir orthu seo go bhfuil iarrachtaí ar bun i gcomhar le chéile le dearcadh fabhrach i leith na Gaeilge a scaipeadh i measc na scoláirí ar bhonn scoile uile. Tá cuntas le léamh ar iarrachtaí leis an nGaeilge a chur ar taispeáint go tarraingteach in áit amháin sa scoil i dtús ama. Tá an-iarracht déanta le hatmaisféar tarraingteach, spreagúil don ábhar a chur ar bun i seomra ranga an té is mó atá gafa le teagasc an ábhair agus timpeall air. Chomh maith leis sin tá iarrachtaí comhfhiosacha ar siúl ag na múinteoirí cur le méid na Gaeilge a bhíonn á labhairt ar fud na scoile i measc na foirne i gcoitinne mar spreagadh agus mar eiseamláir do na scoláirí. Tá baill foirne eile ann, nach múinteoirí Gaeilge iad, tacúil leis seo. Comhartha dearfach an méid seo.

Tá cuairt ar ionad eachtraíochta i gceantar Gaeltachta a reáchtáladh trí mheán na Gaeilge tugtha sa chéad téarma den scoilbhliain reatha ag grúpa scoláirí sa tsraith shóisearach. Tagann an chuairt seo leis na hiarrachtaí nua chun an Ghaeilge a dhéanamh níos insroichte, níos taitneamhaí agus níos inchreidte mar mheán cumarsáide do na scoláirí. Tá tacaíocht bhainistíocht na scoile go láidir leis seo. Taobh leis sin tá iarrachtaí ar siúl le béim níos mó a chur ar labhairt na teanga mar ghnáthnós sa cheacht Gaeilge féin. Tá na hiarrachtaí seo ar fad leis an nGaeilge a chur chun cinn mar theanga chaidrimh laistigh agus lasmuigh den seomra ranga Gaeilge go mór le moladh.

B'fhiú pointí tagartha sa phlean uaillmhianach seo a chlárú i bplean an ábhair. Mar chuid de phlean forbartha an ábhair ba mhaith an ní cuntas neamhbhalbh a bhreacadh ar sheasamh na Gaeilge sa scoil i measc na scoláirí, mar atá agus mar ba mhaith leis na múinteoirí a bheadh amhlaidh faoi cheann achair aontaithe ama. Ba cheart na spriocanna sin a bheith réadúil agus

insroichte. Cuid den fhianaise chuige seo is ea staitisticí a chlárú maidir le rannpháirtíocht agus gnóthachtálacha na scoláirí ag na leibhéil éagsúla san ábhar, mar atá agus mar a bheidh beartaithe. Ní cóir bheith ró-ghafa leis na staitisticí seo amháin áfach. Tá dearcadh na scoláirí i leith an ábhair tábhachtach mar chéad chéim. Is air seo atá na hiarrachtaí reatha á ndíriú agus is maith sin. B'fhiú an dul chun cinn a dhéanfar leis an aidhm inmholta seo a chlárú. Beidh spreagadh agus ardú meanman mar chúiteamh ar dhul chun cinn san obair rí-thábhachtach pleanála seo a rachaidh chun leasa na scoile uile.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

Breathnaíodh sé cheacht in imeacht na cigireachta leis an gceathrar múinteoirí Gaeilge. Ullmhaíodh go maith do na ceachtanna sin agus rinneadh an teagasc go díograiseach i ngach cás. Ba léir go raibh tuiscint mhaith ag na múinteoirí do réimse na hinniúlachta san ábhar i measc na scoláirí ina gcuid ranganna féin. Bhí aidhmeanna cuí a bhí insroichte leagtha amach dóibh. Cuireadh na haidhmeanna in iúl i dtús ama agus bhain ord agus eagar le struchtúr na gceachtanna dá bharr. Bhí féinmhuinín as a gcumas féin sa teanga in uachtar sa teagasc sa chuid ba mhó ar fad de na ceachtanna a breathnaíodh. Bhí úsáid na sprioctheanga in uachtar mar mheán teagaisc agus cumarsáide. Bhí úsáid an Bhéarla cuí sa cheacht a bhain leis an Léann Éireannach. I gcás eile áfach bhí úsáid an aistriúcháin go Béarla go mór chun cinn mar bhealach le tuiscint na scoláirí don ábhar léitheoireachta a chinntiú. Ba chóir ró-úsáid an aistriúcháin a mhaolú. Tá ró-úsáid an aistriúcháin ina bhac ar an taitneamh is féidir a bhaint as imeachtaí an cheachta agus ina bhac ar shealbhú na teanga.

Fuarthas comhoibriú maith ó na scoláirí sa chuid ba mhó ar fad de na ceachtanna. Is fearr a bhí an comhoibriú sin le fáil sna ceachtanna mar a raibh idirghníomhaíocht bheomhar ar siúl ag an múinteoir leis na scoláirí i rith an ama. Is mar sin a bhí don chuid ba mhó. Is mór mar a chuaigh pearsantacht mholtach, chairdiúil an mhúinteora chun leasa atmaisféar na gceachtanna. Bhí tionchar mór ag féinmhuinín an mhúinteora sa teanga ar an atmaisféar céanna. Thug sé seo saoirse don mhúinteoir greann a chur in imeachtaí an cheachta agus na scoláirí a mhealladh chun tuilleadh iarrachta dá bharr. Rinneadh an méid seo go rí-mhaith i gcásanna áirithe. I gcás eile ní raibh an tsaoirse seo le sonrú ar imeachtaí an cheachta agus cloíodh go mór le téacsleabhar agus obair scrúdaithe. Rinneadh an teagasc go dícheallach sa chás seo freisin agus rinneadh obair ar fónamh cé go raibh an t-atmaisféar réamhluaite in easnamh. San áit a raibh comhoibriú na scoláirí teoranta go leor i rang sinsearach bhí cúrsaí eile i gceist nár bhain le hábhar ó thaobh phleanáil an cheachta ná modheolaíocht an teagaisc de. Rinneadh iarrachtaí maithe sa teagasc sa chás seo leis chun na scoláirí a spreagadh chun rannpháirtíochta cé gur bhain torthaí teoranta leis na hiarrachtaí sin. I gceacht eile sa tsraith shóisearach ag deireadh an lae ba é dícheall roinnt bheag de na scoláirí díriú ar an obair ar bhonn ranga. Mealladh na hiarrachtaí is fearr uathu le moladh dóibh.

I gcásanna áirithe seachas a chéile bhí aidhmeanna na gceachtanna dírithe gó mór ar riachtanais ghnéithe ar leith de na ceistpháipéir scrúdaithe. Ina measc seo bhí obair chluastuisceana, cleachtadh ar théamaí áirithe seanbhunaithe don bhéaltriail, brí a bhaint as fógraí clóscríofa. Tá an obair seo riachtanach inti féin ach tá teorainn leis an sásamh is féidir a bhaint as obair mar í ó thús deireadh ceachta. I gcásanna eile bhain atmaisféar níos beomhaire agus níos nádúrtha leis an idirphlé idir an múinteoir agus na scoláirí. D'éirigh go réasúnta maith leis na hiarrachtaí seo. Rinneadh iarracht níos mó anseo leis na scoláirí a spreagadh chun dul i ngleic leis an teanga agus iad féin a chur in iúl inti as a seasamh le pé méid den teanga a bhí acu. Obair dhúshlánach í seo do na foghlaimeoirí agus don mhúinteoir araon go háirithe nuair atá inniúlacht na scoláirí sa teanga teoranta go maith faoi mar a bhí an scéal.

Bhí léiriú maith ar an méid seo le fáil i gceacht sa tsraith shinsearach. Plé a dhéanamh ar dhán ar chúrsa Gaeilge na hArdteistiméireachta ba ea príomhaidhm an cheachta seo. As glaoch an rolla áfach aithníodh scoláire a bhí díreach fillte abhaile ó thuras ar Nua Eabhrac. Cuireadh ceisteanna gan choinne ar an scoláire faoin turas. Ainneoin cumas an scoláire sa teanga a bheith teoranta d'éirigh leis an múinteoir comhrá a chur ar bun agus freagraí a mhealladh a mhúscail spéis na scoláirí ar fad sa rang. Baineadh dea-úsáid as an ngreann mar thaca leis seo trí thagairtí do mhian an mhúinteora le cuairt a thabhairt ar an gcathair chéanna. Rinneadh tagairt do luach fabhrach an euro in aghaidh an dollar. Cuireadh ceisteanna ar an rang faoi na focail a bhí in úsáid, an focal 'luach' mar shampla a mhíniú gan dul i dtuilleamaí an Bhéarla. Rinneadh caint mholtach ar na bróga faiseanta spóirt a fuarthas thall agus rinneadh tagairt neafaiseach don chathair mar *'An tÚll Mór'*. D'aithin na scoláirí an béarlagair seo go tapa agus baineadh taitneamh as an gcomhrá. Ba léir go raibh fonn orthu cur leis mar go raibh ábhar cainte cothrom lena réimse spéise féin aimsithe agus á fhorbairt go maith.

Léirigh roinnt ceisteanna a chuir na scoláirí ag iarraidh cabhrach le focail nach raibh an Ghaeilge acu orthu an fonn a bhí i measc na scoláirí le páirt a ghlacadh sa cheacht.. Cuireadh na scoláirí i dtreo an fhoclóra Béarla-Gaeilge a bhí ar fáil sa seomra agus aimsíodh na focail. Bhí inniúlacht Ghaeilge na scoláirí seo teoranta go leor ach ba léir go raibh gach dícheall á dhéanamh acu le páirt a ghlacadh san idirphlé a mhair roinnt nóiméad. Cuireadh tús leis an gceacht seo ar bhealach an-dearfach agus mhair an dea-atmaisféar as sin amach. Bhí riar an cheachta seo le moladh go mór.

I gcás eile le rang lag sa tsraith shóisearach baineadh úsáid éifeachtach as obair ghníomhach le foclóir a bhain le cúrsaí bia a chleachtadh. Rinneadh ceangal leis an gcuairt a thug cuid mhaith de scoláirí an ranga seo ar an ionad eachtraíochta mar a raibh an biachlár i nGaeilge. Arís bhí toradh fónta ar na hiarrachtaí seo chun na scoláirí a spreagadh leis an méid den teanga a bhí acu a úsáid agus cur leis. Bhain cáilíocht an-mhaith leis an teagasc agus foghlaim i gceann de na ranganna sinsearacha ainneoin inniúlacht Ghaeilge na scoláirí a bheith an-teoranta. D'éirigh leis an múinteoir na scoláirí seo a spreagadh chun cainte faoi ghnáthchúrsaí an lae ar nós an chluiche sacair idirnáisiúnta i bPáirc an Chrócaigh agus labhairt faoin turas a bhí beartaithe acu mar rang ar an láthair chéanna go luath.

Tugadh suntas don fhéinmheastóireacht neamhbhalbh macánta a rinne na múinteoirí ar fad ar na dúshláin a bhain dóibh féin leis na ábhar a roinnt go héifeachtach leis na scoláirí. Á chur seo san áireamh luaitear eiseamláir mar an ceacht thuas mar thaca leis an moladh do na múinteoirí le cuairt a thabhairt ar ranganna a chéile agus modheolaíocht an teagaisc á cleachtadh ag a gcomhghleacaithe féin a bhreathnú.

Seachas obair chluastuisceana a bhain le hiarpháipéir scrúdaithe agus úsáid osteilgeora bhí acmhainní TFC in easnamh ar na ceachtanna a breathnaíodh. Moltar na féidearthachtaí a bhaineann le hacmhainní TFC a úsáid sa cheacht Gaeilge a chur san áireamh chun ábhar úr a chur faoi bhráid na scoláirí. Taobh amuigh de théacsanna dílse i nGaeilge a úsáid d'fhéadfaí míreanna físe le fuaim nó gan fhuaim a úsáid chomh maith ar mhaithe le hábhar tarraingteach a bheith ar fáil mar rogha ar obair na dtéacsleabhar amháin.

MEASÚNÚ

Déantar measúnú ar obair na scoláirí ar bhonn rialta le hobair bhaile agus obair ranga. Bhí obair chuí sna cóipleabhair a breathnaíodh agus bhí aitheantas an mhúinteora le léamh ar an obair sin.

Léirigh taifid na múinteoirí go raibh trialacha teanga á dtabhairt ar bhonn rialta agus go raibh cuntas á choimeád ar dhul chun cinn na scoláirí san ábhar.

Moltar aitheantas a thabhairt i gcóras measúnachta an ábhair sna scrúduithe tí ar inniúlacht na scoláirí i labhairt na teanga. Ba chóir gnóthachtáil na scoláirí i scil riachtanach seo na teanga a dhéanamh soiléir sa mharc a bhronntar sna scrúduithe tí. Bheadh an méid seo ag teacht leis na hiarrachtaí atá ar bun le labhairt na teanga a chothú. Ag teacht leis seo, moltar machnamh a dhéanamh ar scoláirí a chur isteach ar an mbéaltriail roghnach i scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh le gur féidir leo aitheantas a fháil ar a gcuid iarrachtaí i labhairt na teanga.

Moltar an anailís a cuireadh ar fáil don chigireacht ábhair ar rannpháirtíocht na scoláirí ag na leibhéil éagsúla san ábhar agus ar ghnóthachtálacha na scoláirí san ábhar sna scrúduithe teistiméireachta a chur i bplean an ábhair agus a phlé. Ba chóir go mbeadh cur amach soiléir ag na múinteoirí Gaeilge ar fad ar na staitisticí seo. Tá eolas tábhachtach le léamh iontu ar sheasamh an ábhair sa scoil. Ní cóir a bheith gafa leo go huile is go hiomlán. Ach ba chóir féachaint ar na staitisticí sin mar phointí tagartha le feabhsúcháin a sheoladh san ábhar. Tá céimeanna maithe á nglacadh chuige sin leis an ábhar a dhéanamh níos tarraingtí agus níos taitneamhaí do na scoláirí. Ba chóir go mbeadh cúiteamh le fáil faoi cheann cúpla bliain agus feabhas a fheiceáil ar na staitisticí seo. Is í taithí na scoláirí ar an ábhar sa rang Gaeilge agus lasmuigh de an chéad chéim san obair sin agus tá na céimeanna sin á nglacadh.

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

Is iad seo a leanas na príomhbhuanna a aithníodh sa mheastóireacht:

- Spreagtar gach scoláire le staidéar a dhéanamh ar an ábhar agus tá líon an-íseal scoláirí a bhaineann leas as díolúine ón nGaeilge, níos lú ná a haon faoin gcéad den mhóriomlán.
- Déantar soláthar sásúil don Ghaeilge sa tsraith shinsearach agus cinntíonn socruithe maithe ar an tráthchlár go mbíonn teagmháil rialta ag na foghlaimeoirí leis an ábhar le tréimhsí singil sa lá i ngach cás.
- Tá dearcadh fabhrach, tacúil don ábhar le fáil ó bhainistíocht shinsearach na scoile agus féachtar le freastal cuí a dhéanamh ar acmhainneacht agus ar inniúlacht na scoláirí san ábhar ón tús.
- Tá pleanáil agus ullmhúchán cuí i leith theagasc an ábhair lena gcuid ranganna féin ar bun ag na múinteoirí ar bhonn aonair.
- Tá an chomhphleanáil agus na hiarrachtaí atá ar bun i gcomhar le chéile le dearcadh fabhrach i leith na Gaeilge a scaipeadh i measc na scoláirí ar bhonn scoile uile le moladh.
- Ullmhaíodh go maith do na ceachtanna ar fad a breathnaíodh le haidhmeanna cuí a bhí insroichte do na scoláirí agus rinneadh an teagasc go díograiseach i ngach cás. Fuarthas comhoibriú maith ó na scoláirí don chuid ba mhó ar fad.

Déantar na mórmholtaí seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Moltar féachaint le tréimhse amháin sa bhreis a chur ar fáil don ábhar i gcás bliana amháin de na trí bliana sa tsraith shósisearach más féidir.

- Moltar na féidearthachtaí a bhaineann le hacmhainní TFC a úsáid sa cheacht Gaeilge a chur san áireamh chun ábhar úr a chur faoi bhráid na scoláirí agus ag éirí as sin féachaint le teacht níos éasca a bheith ar acmhainní (TFC) sa cheacht Gaeilge.
- Mar chuid de phlean forbartha san ábhar ba mhaith an ní cuntas neamhbhalbh a bhreacadh ar sheasamh na Gaeilge sa scoil mar atá agus spriocanna réadúla insroichte a leagadh síos le díriú ar iad a bhaint amach faoi cheann achair aontaithe ama.
- Moltar aitheantas ar inniúlacht na scoláirí i labhairt na teanga a thabhairt sna scrúduithe tí san ábhar agus machnamh a dhéanamh ar an deis chéanna a thabhairt do na scoláirí leis an mbéaltriail roghnach i scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh.

Eagraíodh cruinniú iarmheastóireachta leis an bpríomhoide ag deireadh na meastóireachta mar ar cuireadh i láthair agus ar pléadh na dréacht-chinntí agus moltaí.

Foilsíodh: Samhain 2010